Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5298/26**

**CLIMA 19**
**ENV 31**
**ENER 12**
**TRANS 11**
**IND 22**
**COMPET 41**
**MI 30**
**ECOFIN 30**
**DELACT 2**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 52 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 13.1.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 52 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 52 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2026
C(2026) 52 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.1.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA

GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh[1], leasaíodh é in 2023[2] chun foráil a dhéanamh maidir le rannchuidiú earnáil LULUCF le huaillmhian mhéadaithe an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad in 2030 agus chun a áirithiú go rannchuideoidh earnáil LULUCF go fadtéarmach inbhuanaithe le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, roinneadh cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/841 ina dhá thréimhse chomhlíontachta, is iad sin 2021-2025 agus 2026-2030. Le gach tréimhse chomhlíontachta, forchuirtear oibleagáidí ar na Ballstáit maidir le feidhmíocht a n-earnálacha LULUCF. Don dara tréimhse chomhlíontachta, leagadh amach spriocanna maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa le haghaidh na mBallstát agus le haghaidh an Aontais ina iomláine. Chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, beidh raon solúbthachtaí ar fáil do na Ballstáit le haghaidh gach tréimhse comhlíontachta.

Chun súil a choinneáil ar bhaint amach chuspóirí Rialachán (AE) 2018/841, is gá rialacha a leagan amach maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar na hoibríochtaí ábhartha i gClárlann an Aontais agus maidir lena rianú. Leis an ngníomh tarmligthe, tabharfar isteach na forálacha is gá i Rialachán (AE) 2019/1122[3] a bhaineann le Clárlann an Aontais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) 2018/841 agus mír 4 den Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach[4], rinneadh comhairliúcháin iomchuí le linn ullmhú an ghnímh tharmligthe seo. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um an Athrú Aeráide sna cruinnithe a tionóladh an 13 Márta, an 2 Bealtaine, an 11 Nollaig 2024 agus an 5 Bealtaine 2025. Tar éis an pháipéir coincheapa agus dréachtaí ina dhiaidh sin den ghníomh tarmligthe a chur i láthair, bhí deis ag na saineolaithe freisin barúlacha i scríbhinn ar an téacs a chur isteach. Cuireadh a mbarúlacha san áireamh go cuí agus an gníomh tarmligthe seo á ullmhú.

---

1 Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE, (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (L107, 21.4.2023, lch. 1).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3).

4 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

Rinneadh na doiciméid atá ábhartha i dtaca leis na cruinnithe a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar a fhoráiltear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe. Cuireadh na barúlacha a rinne an grúpa saineolaithe san áireamh agus an gníomh tarmligthe á ullmhú.

Foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine ón 7 Aibreán go dtí an 5 Bealtaine 2025. Le linn na tréimhse sin, fuarthas aiseolas ó dhá údarás phoiblí, dhá chomhlachas gnó agus aon eagraíocht neamhrialtasach amháin. Bhain an chuid is mó den aiseolas le creat LULUCF, lena n-áirítear bunphrionsabail maidir le cuntasaíocht ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa, feidhmiú solúbthachtaí agus oibleagáidí le haghaidh na mBallstát a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/841, a bhí lasmuigh de raon feidhme an chumhachtaithe don ghníomh tarmligthe. Na barúlacha a cuireadh isteach tríd an tairseach agus a bhí ábhartha do théacs an dréachtghnímh tharmligthe agus a chuir feabhas ar cháilíocht an dréachtghnímh tharmligthe, cuireadh san áireamh iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2018/841 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán a fhorlíonadh trí na rialacha a leagan síos maidir leis na hoibríochtaí i gClárlann an Aontais a thaifeadadh agus a chur i gcrích go cruinn.

Leis an ngníomh tarmligthe, leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais[5], chun na rialacha maidir le taifeadadh agus cur i gcrích na n-idirbheart in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (LULUCF) a chur san áireamh.

Go sonrach, ní mór an méid seo a leanas a léiriú i gClárlann an Aontais:

(a) cainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe le haghaidh gach catagóir cuntasaíochta talún i ngach Ballstát le linn na chéad tréimhse comhlíontachta – Airteagal 59t(1) den ghníomh tarmligthe;

(b) feidhmiú na solúbthachtaí de bhun Airteagail 12, 13 agus 13a de Rialachán (AE) 2018/841 atá ar fáil do na Ballstáit maidir le comhlíontacht le linn na chéad tréimhse comhlíontachta – Airteagail 59w, 59x, 59z agus 59ac den ghníomh tarmligthe;

(c) cainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe sna catagóirí nó earnálacha tuairiscithe talún i ngach Ballstát le linn an dara tréimhse chomhlíontachta – Airteagal 59t(3) den ghníomh tarmligthe;

(d) feidhmiú na solúbthachtaí de bhun Airteagail 12 agus 13b le linn an dara tréimhse chomhlíontachta – Airteagail 59w, 59x agus 59ab den ghníomh tarmligthe;

(e) comhlíonadh na spriocanna de bhun Airteagal 13c le linn an dara tréimhse chomhlíontachta – Airteagal 59ad(5) den ghníomh tarmligthe.

---

[5] (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.1.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE[1], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún[2], leagtar síos na rialacha maidir le feidhmiú Chlárlann an Aontais, a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(2) Leasaíodh Rialachán (AE) 2018/841[4] chun foráil a dhéanamh maidir le rannchuidiú earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (LULUCF) le huaillmhian mhéadaithe an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus chun a áirithiú go rannchuideoidh earnáil LULUCF go fadtéarmach inbhuanaithe agus intuartha le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais.

(3) De réir Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/841, áiritheoidh Clárlann an Aontais go ndéanfar oibríochtaí a thaifeadadh agus a chur i gcrích go cruinn i gcomhréir leis an Rialachán sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha Chlárlann an Aontais a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a leasú chun gur féidir cainníochtaí astaíochtaí agus

---

1 IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1122/oj).

3 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj).

4 Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (IO L 107, 21.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/839/oj).

aistrithe a thaifeadadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841 agus chun a áirithiú go ndéanfar cuntasaíocht chruinn ar idirbhearta a bhaineann le feidhmiú na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 11, 12, 13, 13a agus 13b den Rialachán sin, aon choigeartú modheolaíochta a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 14(1a) den Rialachán sin, agus an measúnú ar chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 13c den Rialachán sin. Ba cheart do Chlárlann an Aontais a áirithiú nach ndéanfar aon aistriú ná idirbheart a bheidh ar neamhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as Rialachán (AE) 2018/841.

(5) Le Rialachán (AE) 2018/841 tugadh isteach dhá thréimhse chomhlíontachta, is iad sin 2021 go 2025 agus 2026 go 2030, a mbeidh rochtain ag na Ballstáit ar sholúbthachtaí áirithe lena linn chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an Rialachán sin a chomhlíonadh.

(6) Mar thoradh air sin, agus chun gur féidir na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2018/841 a thaifeadadh agus a chur i gcrích go cruinn, ba cheart roinnt cuntas nua a bhunú i gClárlann an Aontais.

(7) Chun an difríocht sna saintréithe idir an dá thréimhse chomhlíontachta a léiriú, ba cheart cuntas comhlíontachta amháin de chuid an Aontais maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (‘Cuntas Comhlíontachta LULUCF AE’) a oscailt le haghaidh gach ceann den dá thréimhse chomhlíontachta LULUCF. Ba cheart a léiriú sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE suim na nglanastaíochtaí nó na nglanaistrithe a thaifeadtar sna cuntais chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit.

(8) Ar an gcaoi chéanna, ba cheart ‘Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit’ amháin a oscailt do gach Ballstát ar leith le haghaidh gach ceann den dá thréimhse chomhlíontachta LULUCF. Sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, ní bheidh na sásraí solúbthachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2018/841 ar fáil ach le haghaidh catagóirí áirithe cuntasaíochta talún. Dá bhrí sin, ba cheart cainníocht na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe a thugtar i gcuntas le haghaidh gach catagóire cuntasaíochta talún a thaifeadadh sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit. Sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, beidh an sásra um úsáid talún ar fáil le haghaidh na gcatagóirí tuairiscithe talún uile. Dá bhrí sin, is leor iomlán na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe tuairiscithe a thaifeadadh le haghaidh na gcatagóirí tuairiscithe talún. Chun gur féidir measúnú comhlíontachta a dhéanamh, ba cheart sprioc an Bhallstáit a leagtar síos i gcolún C den tábla in Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841 agus an buiséad a shocraítear don Bhallstát sin araon a léiriú sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit.

(9) Chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid ba cheart na solúbthachtaí dá dtagraítear in Airteagail 12, 13, 13a agus 13b de Rialachán (AE) 2018/841 a chur ar fáil, agus tar éis na sonraí ábhartha LULUCF a thabhairt isteach i gCuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit, ba cheart do Chlárlann an Aontais iarmhéid an chuntais sin a ríomh i gcoinne an ghealltanais faoi thoradh neodrach nó dearfach lena gcumhdaítear an chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, nó i gcoinne sprioc shonrach an Bhallstáit don dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF agus aon choigeartú modheolaíochta a rinneadh le linn an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF a chur san áireamh.

(10) I gcás iarmhéid deimhneach sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit, ba cheart do Chlárlann an Aontais aonaid aistrithe talún (‘AATanna’) a eisiúint i gCuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit lena mbaineann. Is sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit i gClárlann an Aontais amháin ba cheart AATanna a choinneáil,

agus níor cheart a n-aistriú a cheadú ach amháin faoi choinníollacha áirithe agus arna iarraidh sin ag an mBallstát. I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2018/841, tá an deis ag na Ballstáit aon bharrachas dá gcuid AATanna a aistriú chuig a gcuntais chomhlíontachta faoi Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (Cuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill) nó chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit eile.

(11) Chun úsáid a bhaint as an tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe atá ar fáil do na Ballstáit sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, ba cheart cuntas an Aontais i ndáil le solúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe ('Cuntas Lárnach LSTFB AE') a oscailt i gClárlann an Aontais agus ba cheart leithdháiltí solúbthachta maidir le talamh foraoise bainistithe ('LSTFB') a chruthú agus a léiriú sa Chuntas LSTFB AE sna cainníochtaí a bheidh ar fáil do na Ballstáit mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/841. Ba cheart aistrithe leithdháiltí den sórt sin ón gcuntas sin a chumasú i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/841.

(12) Chun úsáid a bhaint as cúiteamh breise atá ar fáil don Fhionlainn faoi Rialachán (AE) 2018/841, ba cheart Cuntas Cúitimh Breise Lárnach le haghaidh na Fionlainne a oscailt i gClárlann an Aontais agus ba cheart leithdháiltí solúbthachta breise le haghaidh na Fionlainne ('LSB-F') a chruthú agus a léiriú sa chuntas sin sna cainníochtaí atá ar fáil don Fhionlainn don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/841. Ba cheart aistrithe leithdháiltí den sórt sin chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF na Fionlainne a chumasú i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13a de Rialachán (AE) 2018/841.

(13) Ag deireadh na chéad tréimhse comhlíontachta LULUCF, ba cheart AATanna iomarcacha ó chuntais chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit a aistriú chuig an gCuntas Comhlíontachta LULUCF AE chun go mbeifear in ann, sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhain nó nár bhain an tAontas a sprioc amach chun rochtain a fháil ar an sásra solúbthachta um úsáid talún sa dara tréimhse chomhlíontachta agus ba cheart iad a choinneáil sa chuntas sin sna cainníochtaí dá dtagraítear in Airteagal 13b (3), pointe (c), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2018/841 go dtí go ndéanfar an measúnú. Ba cheart aon chainníocht os cionn na tairsí sin a aistriú chuig an Scrioschuntas LULUCF AE.

(14) Chun úsáid a bhaint as an tsolúbthacht maidir le húsáid talún atá ar fáil do na Ballstáit don dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, ba cheart cuntas amháin de chuid an Aontais i ndáil le leithdháileadh solúbthachta maidir le húsáid talún ('Cuntas Lárnach LSÚT AE') a oscailt i gClárlann an Aontais agus ba cheart leithdháiltí solúbthachta maidir le húsáid talún ('LSÚT') a chruthú agus a léiriú sa chuntas sin sna cainníochtaí a bheidh ar fáil do na Ballstáit i gcomhréir leis an sásra um úsáid talún a leagtar síos in Airteagal 13b(4) de Rialachán (AE) 2018/841. Ba cheart aistrithe leithdháiltí den sórt sin a chumasú i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13b de Rialachán (AE) 2018/841.

---

[5] Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156 19.6.2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/oj).

(15) Chun a mheas cé acu a baineadh amach nó nár baineadh amach cuspóirí Rialachán (AE) 2018/841, ba cheart do Chlárlann an Aontais na seiceálacha comhlíontachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/841 a chumasú freisin trí nós imeachta a sholáthar chun na sonraí athbhreithnithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt isteach sna Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit, chun iarmhéid na gcuntas sin a ríomh, chun a bhfigiúr maidir le stádas comhlíontachta a chinneadh, agus chun torthaí aon athríomh is gá mar thoradh ar choigeartuithe modheolaíochta arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 14(1a) de Rialachán (AE) 2018/841 a léiriú.

(16) Chuige sin, maidir leis an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, i gcás inar tháinig athrú ar an modheolaíocht a d’úsáid na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] as a n-eascraíonn difríocht idir na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2020 do na blianta 2016, 2017 agus 2018, na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2025 do na blianta 2021, 2022 agus 2023, agus na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh do na blianta 2021, 2022 agus 2023 in 2032, ba cheart do Chlárlann an Aontais an difríocht idir na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa agus na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa athbhreithnithe do na blianta sin a ríomh agus a áirithiú go léireofar toradh an ríomha go cruinn sa bhuiséad a shocraítear don Bhallstát sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit.

(17) Ar an gcaoi chéanna, chun an t-athrú modheolaíochta a d’úsáid na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2018/1999 sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF a léiriú, rud a fhágann go bhfuil difríocht idir na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2020 do na blianta 2016, 2017 agus 2018, agus na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2032 do na blianta 2016, 2017 agus 2018, ba cheart do Chlárlann an Aontais an difríocht idir suim na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa agus suim na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa athbhreithnithe do na blianta sin a ríomh agus a áirithiú go léireofar toradh an ríomha go cruinn sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE.

(18) Chun measúnú cruinn ar chomhlíonadh oibleagáidí Rialachán (AE) 2018/841 a áirithiú agus chun an próiseas a éascú, ba cheart do Chlárlann an Aontais foráil a dhéanamh maidir le seiceálacha uathoibrithe ar gach idirbheart a dhéantar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841, agus i gcás inar gá, ba cheart di bac a cur ar aon idirbheart nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán sin.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/1122 a leasú dá réir,

[6] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le hastaíochtaí agus aistrithe a taifeadadh, agus maidir le haonaid a cruthaíodh chun críoch Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.’;

---

* Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE, (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj).

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

‘(12) ciallaíonn ‘idirbheart’ próiseas i gClárlann an Aontais ina n-aistrítear lamháltas, aonad leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí, aonad aistrithe talún, agus aonad d’aon leithdháileadh solúbthachta a leagtar amach in Airteagail 13, 13a agus 13b de Rialachán (AE) 2018/841 ó chuntas go cuntas eile;’;

(b) cuirtear isteach na pointí (27) go (32) seo a leanas:

‘(27) ciallaíonn ‘an chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF’ an tréimhse 5 bliana, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025, ar lena linn atá na Ballstáit le cuntas a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe na ngás ceaptha teasa sna catagóirí cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/841;

(28) ciallaíonn ‘an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF’ an tréimhse 5 bliana ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030, ar lena linn atá na Ballstáit le tuairisciú maidir le hastaíochtaí agus aistrithe na ngás ceaptha teasa sna catagóirí tuairiscithe talún nó sna hearnálacha tuairiscithe talún dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2018/841;

(29) ciallaíonn ‘aonad aistrithe talún’ (‘AAT’) aistriú iomarcach i mBallstát arna ríomh mar an difríocht idir na hastaíochtaí agus na haistrithe a thugtar i gcuntas nó a thuairiscítear sula n-úsáidtear aon solúbthacht, i gcomparáid leis an ngealltanas nó leis an sprioc a cinneadh don Bhallstát sin atá cothrom le haon choibhéis tona amháin dé-ocsaíde carbóin;

(30) ciallaíonn ‘leithdháileadh solúbthachta maidir le talamh foraoise bainistithe’ (‘LSTFB’) foroinn d’uasmhéid cúitimh atá ar fáil do na Ballstáit sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF faoin tsolúbthacht maidir le talamh foraoise bainistithe, arna chinneadh in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/841 agus in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin, atá cothrom le haon choibhéis tona amháin dé-ocsaíde carbóin;

(31) ciallaíonn 'leithdháileadh solúbthachta breise le haghaidh na Fionlainne' ('LSB-F') foroinn d'uasmhéid cúitimh atá ar fáil don Fhionlainn sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF faoin gcúiteamh breise le haghaidh na Fionlainne, arna chinneadh in Airteagal 13a de Rialachán (AE) 2018/841, atá cothrom le haon choibhéis tona amháin dé-ocsaíde carbóin';

(32) ciallaíonn 'leithdháileadh solúbthachta maidir le húsáid talún' ('LSÚT') foroinn d'uasmhéid cúitimh atá ar fáil do na Ballstáit sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF faoin sásra solúbthachta um úsáid talún, arna chinneadh in Airteagal 13b de Rialachán (AE) 2018/841 agus in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin, atá cothrom le haon choibhéis tona amháin dé-ocsaíde carbóin';

(3) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Úsáidfidh na Ballstáit Clárlann an Aontais chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 19 de Threoir 2003/87/CE, Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/841. Cuirfidh Clárlann an Aontais na próisis a leagtar amach sa Rialachán seo ar fáil do riarthóirí náisiúnta agus do shealbhóirí cuntais.';

---

* Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156 19.6.2018. lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/oj).;

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní dhéanfaidh an riarthóir lárnach, na húdaráis inniúla agus na riarthóirí náisiúnta ach na próisis is gá chun feidhmeanna dá gcuid a chomhlíonadh i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE, Rialachán (AE) 2018/842 agus Rialachán (AE) 2018/841.';

(5) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'1a. Don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, osclóidh an riarthóir lárnach an Cuntas Comhlíontachta AE le haghaidh astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht ('Cuntas Comhlíontachta LULUCF AE'), Cuntas Comhlíontachta LULUCF amháin le haghaidh gach Ballstáit ('Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit'), Cuntas Cúitimh Breise Lárnach amháin le haghaidh na Fionlainne, Cuntas Lárnach amháin de chuid an Aontais i ndáil le Leithdháileadh Solúbthachta maidir le Talamh Foraoise Bainistithe ('Cuntas Lárnach LSTFB AE'), agus an Scrioschuntas LULUCF AE.'

'1b. Don dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, osclóidh an riarthóir lárnach an Cuntas Comhlíontachta LULUCF AE, Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit le haghaidh gach Ballstáit agus Cuntas Lárnach amháin de chuid an Aontais i ndáil le Leithdháileadh Solúbthachta maidir le hÚsáid Talún ('Cuntas Lárnach LSÚT AE').';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Gníomhóidh an riarthóir náisiúnta arna ainmniú de bhun Airteagal 7(1) mar ionadaí údaraithe ar Chuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill agus ar Chuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit.';

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 27b seo a leanas:

'Airteagal 27b

**Cuntais LULUCF a dhúnadh**

1. Dúnfaidh an riarthóir lárnach Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit tráth nach luaithe ná 1 mhí tar éis an figiúr maidir le stádas comhlíontachta a chinneadh don chuntas sin de bhun Airteagal 59ad, agus tar éis réamhfhógra a thabhairt do shealbhóir an chuntais.

2. Don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais na AATanna uile atá fágtha a aistriú ó na cuntais chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit, atá deimhneach tráth a ndúnta, chuig an gCuntas Comhlíontachta LULUCF AE.

3. Maidir leis an gcéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais na LSB-Fanna uile atá fágtha a aistriú ón gCuntas Cúitimh Breise Lárnach le haghaidh na Fionlainne chuig Scrioschuntas LULUCF AE.

4. Sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ríomhfaidh Clárlann an Aontais suas le 30 %, ach méid nach mó ná coibhéis 20 milliún tona dé-ocsaíde carbóin, de AATanna neamhúsáidte chun fanacht sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE agus go n-aistreoidh sí aon AATanna iomarcach chuig an Scrioschuntas LULUCF AE.

5. Maidir leis an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais na AATanna uile atá fágtha a aistriú ó na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit atá deimhneach tráth a ndúnta, gach LSÚT atá fágtha a aistriú ón gCuntas Lárnach LSÚT AE , agus gach LSTFB atá fágtha a aistriú ón gCuntas Lárnach LSTFB AE, chuig an Scrioschuntas LULUCF AE.';

(7) i dTeideal IIA, cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach:

**'Caibidil 2**

**Idirbhearta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2018/841**

*Airteagal 59t*

**Sonraí ábhartha LULUCF a thabhairt isteach**

1. Maidir leis an gcéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, go tráthúil agus nuair a bheidh na sonraí athbhreithnithe ábhartha maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ar fáil in 2027, cuirfidh an riarthóir lárnach isteach sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit suim na gcainníochtaí astaíochtaí nó aistrithe a thugtar i gcuntas i ngach catagóir cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (f), de Rialachán (AE) 2018/841.

2. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go gcuirfear isteach suim na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe a thugtar i gcuntas le haghaidh gach Ballstáit, dá dtagraítear i mír 1, sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE.

3. Maidir leis an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, go tráthúil agus nuair a bheidh na sonraí athbhreithnithe ábhartha maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ar fáil in 2032, cuirfidh an riarthóir lárnach isteach sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit suim chainníochtaí na n-astaíochtaí tuairiscithe agus na n-aistrithe tuairiscithe sna catagóirí nó earnálacha tuairiscithe talún dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), de Rialachán (AE) 2018/841.

4. Maidir leis an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, áiritheoidh an riarthóir lárnach go léireoidh an Cuntas Comhlíontachta LULUCF AE sprioc an Aontais mar a leagtar síos é in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/841, agus go léiríonn an Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit an luach a socraíodh don Bhallstát sin i gColún C d'Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841. Áiritheoidh an riarthóir lárnach freisin go léireoidh an Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit an buiséad agus an chonair a socraíodh le haghaidh an Bhallstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 4(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2018/841 le haghaidh 2026, 2027, 2028 agus 2029.

5. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go gcuirfear suim na n-astaíochtaí tuairiscithe agus na n-aistrithe tuairiscithe le haghaidh gach Ballstáit, dá dtagraítear i mír 3, isteach sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE.

*Airteagal 59u*

**Iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF Ballstáit agus an Chuntais Comhlíontachta LULUCF AE a ríomh**

1. Ar thabhairt isteach na sonraí ábhartha LULUCF de bhun Airteagal 59t den Rialachán seo a bhaineann leis an gcéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ríomhfaidh Clárlann an Aontais iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF Ballstáit trí chainníochtaí iomlána na n-astaíochtaí a dhealú ó chainníochtaí iomlána na n-aistrithe i ngach catagóir cuntasaíochta talún dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (f), de Rialachán (AE) 2018/841. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go n-áireofar i gClárlann an Aontais suim thorthaí an ríomha sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE.

2. Ar thabhairt isteach na sonraí ábhartha LULUCF de bhun Airteagal 59t den Rialachán seo a bhaineann leis an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ríomhfaidh Clárlann an Aontais iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF Ballstáit trí chainníocht iomlán na n-astaíochtaí a dhealú ó chainníocht iomlán na n-aistrithe sna catagóirí nó sna hearnálacha tuairiscithe talún uile dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) go (j), de Rialachán (AE) 2018/841. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go léireoidh Clárlann an Aontais toradh an ríomha sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE.

3. Sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, i gcás inar tháinig athrú ar an modheolaíocht a d'úsáid na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2018/1999, rud a fhágann go bhfuil difríocht idir na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2020 do na blianta 2016, 2017 agus 2018 agus na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh do na blianta céanna in 2032, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ríomhfaidh Clárlann an Aontais an difríocht idir na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2020 agus na meánsonraí athbhreithnithe maidir le fardail gás ceaptha teasa do na blianta céanna a tíolacadh in 2032. Bunaithe ar thorthaí an ríomha, déanfaidh Clárlann an Aontais suim na sonraí fardail gás ceaptha teasa don Aontas ina iomláine a athríomh, mar a leagtar síos i gColún B d'Iarscríbhinn IIa a ghabhann

le Rialachán (AE) 2018/841, chun ailíniú le sprioc an Aontais a leagtar síos in Airteagal 4(2) den Rialachán sin.

4. Sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, i gcás inar tháinig athrú ar an modheolaíocht a d'úsáid na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2018/1999, rud a fhágann go bhfuil difríocht idir na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh in 2025 do na blianta 2021, 2022 agus 2023 agus na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa a tíolacadh do na blianta céanna in 2032, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ríomhfaidh Clárlann an Aontais an difríocht idir na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa athbhreithnithe a tíolacadh in 2025 agus na meánsonraí fardail gás ceaptha teasa athbhreithnithe do na blianta céanna a tíolacadh in 2032. Bunaithe ar thorthaí na ríomhanna arna ndéanamh i gcomhréir leis an mír seo agus le mír 3 den Airteagal seo, áiritheoidh Clárlann an Aontais go ndéanfar an buiséad le haghaidh na mBallstát a athríomh dá réir.

*Airteagal 59v*

**AATanna a chruthú**

1. I gcás ina mbeidh iarmhéid Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit arna ríomh de bhun Airteagal 59u deimhneach, eiseoidh an riarthóir lárnach i gCuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit sin roinnt AATanna a chomhfhreagraíonn do chainníocht na n-aistrithe iomarcacha le haghaidh an dá thréimhse chomhlíontachta LULUCF.

2. Le linn an dá thréimhse chomhlíontachta LULUCF, ní bheidh AATanna incháilithe lena n-aistriú chuig Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit eile ach amháin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 11 agus 12 de Rialachán (AE) 2018/841 agus chuig Cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 59k den Rialachán seo.

3. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go sannfaidh Clárlann an Aontais cód céannachta aonaid uathúil do gach AAT nuair a chruthófar é.

*Airteagal 59w*

**Aistrithe AATanna idir na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit**

1. Áiritheoidh an riarthóir lárnach, arna iarraidh sin ag Ballstát a bhfuil AATanna ina sheilbh aige, agus tar éis aon AAT arna aistriú de bhun Airteagal 59x a chur san áireamh, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais cainníocht AATanna a iarrtar a aistriú ó Chuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is iarrthóir chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit eile.

2. Ní dhéanfar na haistrithe dá dtagraítear i mír 1 in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) inar iarr an Ballstát lena mbaineann méid AATanna a aistriú ar mó é ná an méid a theastaíonn ón mBallstát is faighteoir chun iarmhéid a Chuntais Comhlíontachta LULUCF arna ríomh de bhun Airteagal 59u a thabhairt go nialas;

(b) inar cuireadh iarraidh an Bhallstáit isteach tar éis an figiúr maidir le stádas comhlíontachta don tréimhse chomhlíontachta áirithe a chinneadh de bhun Airteagal 59ad;

(c) nár leor an méid AATanna atá ar fáil chun an t-aistriú sin a cheadú.

3. Áiritheoidh an riarthóir lárnach nach n-úsáidfear AATanna arna n-aistriú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo ach amháin chun oibleagáidí an Bhallstáit is faighteoir faoi Airteagal 4(1), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/841 a chomhlíonadh. Cuirfidh Clárlann an Aontais bac ar aon aistriú AATanna ina dhiaidh sin ó Chuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is faighteoir chuig a Chuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill.

*Airteagal 59x*

**Aistrithe AATanna agus AEAnna idir na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit agus na Cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill**

1. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go sainaithneoidh agus go dtaispeánfaidh Clárlann an Aontais, i gCuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit a shealbhaíonn AATanna, an chainníocht AATanna a bheidh incháilithe lena n-aistriú chuig Cuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill an Bhallstáit sin trí AATanna nach bhfuil incháilithe lena n-aistriú faoi Airteagal 59w(3) a dhealú ó chainníocht iomlán na AATanna sa Chuntas Comhlíontachta céanna.

2. Áiritheoidh an riarthóir lárnach, arna iarraidh sin ag Ballstát a bhfuil AATanna ina sheilbh aige, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais méid AATanna incháilithe a iarrtar a aistriú ó Chuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is iarrthóir chuig a Chuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill. Ní dhéanfar aistrithe den sórt sin ach amháin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 59k.

3. I gcás, sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, inar iarmhéid diúltach atá sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit arna ríomh de bhun Airteagal 59u, áiritheoidh an riarthóir lárnach, arna iarraidh sin ag an mBallstát sin, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais cainníocht AEAnna a iarrtar a aistriú le haghaidh bliain ar leith ó Chuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill an Bhallstáit is iarrthóir chuig a Chuntas Comhlíontachta LULUCF. Ní dhéanfar an t-aistriú sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) inar iarr an Ballstát lena mbaineann méid AEAnna a aistriú ar mó é ná an méid is gá chun iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF arna ríomh de bhun Airteagal 59u a thabhairt go nialas;

(b) inar cuireadh iarraidh an Bhallstáit isteach níos mó ná 3 mhí tar éis iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF Ballstáit a ríomh don tréimhse i gceist;

(c) nach gceadaíonn stádas an Chuntais Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill an t-aistriú sin.

4. I gcás, sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, ina bhfuil suim an Chuntais Comhlíontachta LULUCF Ballstáit arna ríomh de bhun Airteagal 59u faoi bhun na sprice a socraíodh i gColún C d'Iarscríbhinn IIA a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841 le haghaidh an Bhallstáit sin, nó i gcás ina bhfuil sí faoi bhun an bhuiséid a socraíodh don Bhallstát sin, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais, arna iarraidh sin ag an mBallstát sin, cainníocht AEAnna a iarrtar a aistriú le haghaidh bliain ar leith ó Chuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill an Bhallstáit is iarrthóir chuig a Chuntas Comhlíontachta LULUCF. Ní dhéanfar an t-aistriú sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) inar iarr an Ballstát lena mbaineann méid AEAnna a aistriú ar mó é ná an méid is gá chun iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF arna ríomh de

bhun Airteagal 59u a thabhairt i gcomhréir leis an sprioc a socraíodh i gColún C d'Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841 don Bhallstát sin nó i gcomhréir leis an mbuiséad dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2018/841;

(b) inar cuireadh iarraidh an Bhallstáit isteach níos mó ná 3 mhí tar éis iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF Ballstáit a ríomh don tréimhse i gceist;

(c) nach gceadaíonn stádas an Chuntais Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill an t-aistriú sin.

5. Áiritheoidh an riarthóir lárnach nach n-úsáidfear AEAnna arna n-aistriú i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo ach amháin chun oibleagáidí an Bhallstáit faoi Airteagal 4(1), (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/841 a chomhlíonadh agus go léireofar na haistrithe sin sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE. Cuirfidh Clárlann an Aontais bac ar aon aistriú AEAnna ina dhiaidh sin ó Chuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is faighteoir go dtí Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Ballstát eile.

6. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát úsáid a bhaint as an tsolúbthacht dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2018/841, cuirfear an iarraidh sin isteach laistigh de 3 mhí tar éis an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 38(4) de Rialachán (AE) 2018/1999 a fhoilsiú.

*Airteagal 59y*

**LSTFBanna a chruthú**

1. Don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, cruthóidh an riarthóir lárnach sa Chuntas Lárnach LSTFB AE líon LSTFBanna atá cothrom le 50 % de mhéid iomlán an chúitimh a bheidh ar fáil don tréimhse 2021 go 2030 a leagtar amach sa dara colún d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841.

Ní rachaidh méid na LSTFBanna atá incháilithe lena n-aistriú ón gCuntas Lárnach LSTFB AE chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit maidir leis an gcéad tréimhse chomhlíontachta thar 50 % d'uasmhéid an chúitimh a bheidh ar fáil don Bhallstát lena mbaineann mar a leagtar amach sa dara colún d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841.

2. Ní bheidh LSTFBanna bailí ach amháin le haghaidh comhardú aistrithe ar tugadh cuntas orthu mar astaíochtaí i gcatagóir chuntasaíochta maidir le talamh foraoise bainistithe an Bhallstáit lena mbaineann d'fhonn a ghealltanais a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2018/841. Ní bheidh LSTFBanna incháilithe lena n-aistriú ach amháin ón gCuntas Lárnach LSTFB AE chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit lena mbaineann.

3. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go sannfaidh Clárlann an Aontais cód céannachta aonaid uathúil do gach LSTFB nuair a chruthófar é.

*Airteagal 59z*

**LSTFBanna a aistriú chuig an gCuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit**

1. Áiritheoidh an riarthóir lárnach, arna iarraidh sin ag Ballstát, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais an chainníocht LSTFBanna a iarrtar a aistriú ón gCuntas Lárnach LSTFB AE chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is iarrthóir. Ní dhéanfar an t-aistriú sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) inarb iarmhéid nialasach nó deimhneach atá sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF arna ríomh de bhun Airteagal 59u;

(b) inar iarr an Ballstát méid LSTFBanna a aistriú ar mó é ná an méid is gá chun iarmhéid an Chuntais Comhlíontachta LULUCF don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF arna ríomh de bhun Airteagal 59u a thabhairt go nialas;

(c) inarb iarmhéid diúltach atá sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, arna ríomh de bhun Airteagal 59u, agus tar éis aon aistrithe a rinneadh de bhun Airteagal 59x a chur san áireamh;

(d) inar iarr an Ballstát méid LSTFBanna a aistriú ar mó é ná 50 % den uasmhéid cúitimh atá ar fáil don Bhallstát sin a leagtar amach sa dara colún d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841, arna athríomh más gá, agus aon iarraidh a rinne an Ballstát céanna roimhe sin faoin Airteagal seo á gcur san áireamh;

(e) inar iarr an Ballstát méid LSTFBanna ar mó é ná cainníocht na linnte a bhfuil cuntas déanta orthu mar astaíochtaí i gcoinne a leibhéil tagartha foraoise i gcatagóir chuntasaíochta maidir le talamh foraoise bainistithe an Bhallstáit sin;

(f) inar iarr an Ballstát go n-aistreofaí méid LSTFBanna chun easnamh a chumhdach i gcatagóir cuntasaíochta talún seachas an chatagóir chuntasaíochta maidir le talamh foraoise bainistithe;

(g) ina gcuirtear iarraidh an Bhallstáit isteach tar éis an figiúr maidir le stádas comhlíontachta le haghaidh na tréimhse chomhlíontachta a chinneadh;

(h) nár chomhlíon an Ballstát an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 13(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/841.

2. I gcás inar mó astaíochtaí iomlána Ballstáit ná na haistrithe iomlána sa chatagóir chuntasaíochta maidir le talamh foraoise bainistithe, agus tar éis an cúiteamh dá bhforáiltear i gcomhréir leis an gcéad abairt de mhír 1 a ídiú, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais méid LSTFBanna a iarrtar suas le méid nár úsáid Ballstáit eile as méid iomlán an chúitimh le haghaidh na tréimhse 2021 go 2025, dá dtagraítear in Airteagal 59y(1), atá sa Chuntas Lárnach LSTFB AE a aistriú chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit], ar choinníoll gur chuir an Ballstát is iarrthóir fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaití nádúrtha de bhun Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2018/841.

3. I gcás inar mó na hiarrataí ó na Ballstáit i gcomhréir le mír 2 ná méid na LSTFBanna atá le fáil sa Chuntas Lárnach LSTFB AE, dáilfidh an riarthóir lárnach na LSTFBanna eile ar bhonn *pro rata*.

4. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, áiritheoidh an riarthóir lárnach, agus na haistrithe á ndéanamh aige i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais na cainníochtaí comhfhreagracha LSTFBanna a dhealú ón gCuntas Lárnach LSTFB AE.

*Airteagal 59aa*

**LSÚTanna a Chruthú**

1. Maidir leis an dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, cruthóidh an riarthóir lárnach sa Chuntas Lárnach LSÚT AE líon LSÚTanna atá cothrom le huasmhéid choibhéise 178 milliún tona dé-ocsaíde carbóin a bheidh ar fáil do na Ballstáit uile don tréimhse 2026 go 2030.

Ní rachaidh an méid LSÚTanna a bheidh incháilithe lena n-aistriú ón gCuntas Lárnach LSÚT AE chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit don dara tréimhse chomhlíontachta thar 50 % den uasmhéid cúitimh a bheidh ar fáil don Bhallstát lena mbaineann a leagtar amach sa dara colún d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841.

2. Ní bheidh LSÚTanna bailí ach amháin chun glanastaíochtaí nó glanaistrithe, nó an dá rud, a bhfuil cuntas déanta orthu mar astaíochtaí a chomhardú i gcoinne na sprice nó an bhuiséid a socraíodh don Bhallstát sin i gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/841. Ní bheidh LSÚTanna incháilithe lena n-aistriú ón gCuntas Lárnach LSÚT AE chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit lena mbaineann ach amháin d'fhonn a oibleagáidí faoi Airteagal 4(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/841 a chomhlíonadh.

3. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go sannfaidh Clárlann an Aontais cód céannachta aonaid uathúil do gach LSÚT nuair a chruthófar é.

*Airteagal 59ab*

**LSÚTanna agus LSTFBanna a aistriú chuig an gCuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit**

1. Áiritheoidh an riarthóir lárnach, arna iarraidh sin ag Ballstát, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais cainníocht LSÚTanna a iarrtar a aistriú ón gCuntas Lárnach LSÚT AE chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is iarrthóir. Ní dhéanfar an t-aistriú sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nár chomhlíon an Ballstát an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 13b(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/841;

(b) nár ídigh an Ballstát an fhéidearthacht aon bharrachas AEAnna a aistriú óna Chuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill chuig a Chuntas Comhlíontachta LULUCF i gcomhréir le hAirteagal 59x;

(c) nár comhlíonadh sprioc 2030 an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/841, arna ríomh de bhun Airteagal 59u(2), (3) agus (4) den Rialachán seo, agus tar éis aon aistrithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 59x a chur san áireamh.

2. Chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh sprioc 2030 an Aontais dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1, agus tar éis aon choigeartuithe modheolaíochta a rinneadh de bhun Airteagal 59u(3) a chur san áireamh, cuirfidh an riarthóir lárnach san áireamh aon AAT neamhúsáidte a bheidh fágtha sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE le haghaidh na chéad tréimhse comhlíontachta tar éis AATanna iomarcacha a aistriú de bhun Airteagal 27b(4), ar choinníoll go bhfuil fianaise curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ballstát amháin nó níos mó maidir le tionchar suaití nádúrtha i gcomhréir le hAirteagal 13b(5) de Rialachán (AE) 2018/841.

3. I gcás inar difríocht dhiúltach í an difríocht idir suim na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe i mBallstát, agus sprioc an Bhallstáit sin nó buiséad an Bhallstáit arna shocrú i gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/841, agus tar éis an cúiteamh dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 1 den Airteagal seo a ídiú, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais méid LSÚTanna a iarrtar suas le méid nár úsáid Ballstáit eile as méid iomlán an chúitimh don tréimhse 2026 go 2030, dá dtagraítear in Airteagal 59aa(1) den Rialachán seo, a bheidh sa Chuntas Lárnach LSÚT AE, a aistriú chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit, ar choinníoll gur chuir an Ballstát is iarrthóir fianaise faoi bhráid an Choimisiúin maidir le tionchar suaití nádúrtha i gcomhréir le hAirteagal 13b(5) de Rialachán (AE) 2018/841.

4. I gcás inar mó na hiarrataí ó Bhallstáit i gcomhréir le mír 3 ná méid na LSÚTanna neamhúsáidte atá le fáil sa Chuntas Lárnach LSÚT AE, dáilfidh an riarthóir lárnach na LSÚTanna a bheidh fágtha ar bhonn *pro rata*.

5. I gcás inar difríocht dhiúltach í an difríocht idir suim na n-astaíochtaí agus na n-aistrithe i mBallstát, agus sprioc an Bhallstáit sin nó buiséad an Bhallstáit arna shocrú i gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/841, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais méid LSÚTanna a iarrtar ón dara tréimhse chomhlíontachta agus LSTFBanna neamhúsáidte ón gcéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF suas le méid iomlán an chúitimh nár úsáideadh sa tréimhse 2021 go 2030, a leagtar síos sa dara colún d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841, ach nach mó é ná coibhéis 50 milliún tona dé-ocsaíde carbóin san iomlán, a aistriú ón gCuntas Lárnach LSÚT AE agus ón gCuntas Lárnach LSTFB AE chuig cuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is iarrthóir. Ní dhéanfar an t-aistriú sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nár ídigh an Ballstát an fhéidearthacht aon bharrachas AEAnna a aistriú óna Chuntas Comhlíontachta/Chuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill chuig a Chuntas Comhlíontachta LULUCF i gcomhréir le hAirteagal 59x;

(b) nár ídigh an Ballstát úsáid na solúbthachtaí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3;

(c) nár chuir an Ballstát an fhianaise dá dtagraítear in Airteagal 13b(6), pointe (i), nó Airteagal 13b(6), pointe (ii), de Rialachán (AE) 2018/841 faoi bhráid an Choimisiúin;

(d) nár chomhlíon an Ballstát an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 13b(6), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/841.

6. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, áiritheoidh an riarthóir lárnach, agus na haistrithe á ndéanamh i gcomhréir leis an Airteagal seo, go ndéanfaidh Clárlann an Aontais na cainníochtaí comhfhreagracha LSÚTanna nó LSTFBanna arna n-aistriú chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit is iarrthóir a dhealú ón gCuntas Lárnach LSÚT AE agus ón gCuntas Lárnach LSTFB AE.

7. Chun críoch mhíreanna 1 agus 5, beidh barrachas sna Cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill más rud é, tráth a iarradh LSÚTanna a aistriú, gur mó suim na AEAnna sna Cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill de chuid an Bhallstáit lena mbaineann, do na blianta 2026 go 2030, ná suim na n-astaíochtaí sna cuntais chomhlíontachta chéanna.

*Airteagal 59ac*

**LSB-Fanna a chruthú agus a aistriú**

1. Cruthóidh an riarthóir lárnach roinnt LSB-Fanna sa Chuntas Cúitimh Breise Lárnach le haghaidh na Fionlainne atá cothrom le huasmhéid choibhéis 5 mhilliún tona dé-ocsaíde carbóin. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go sannfaidh Clárlann an Aontais cód céannachta aonaid uathúil do gach LSB-F nuair a chruthófar é.

2. Áiritheoidh an riarthóir lárnach, arna iarraidh sin don Fhionlainn, go n-aistreoidh Clárlann an Aontais méid LSB-Fanna a iarrtar ón gCuntas Cúitimh Breise Lárnach le haghaidh na Fionlainne chuig an gCuntas Comhlíontachta LULUCF le haghaidh na Fionlainne. Ní dhéanfar an t-aistriú sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) ina mbeidh an t-aistriú a iarradh le húsáid i gcatagóirí cuntasaíochta talún seachas talamh foraoise bainistithe, talamh dífhoraoisithe, talamh curaíochta bainistithe agus féarthalamh bainistithe;

(b) nár chomhlíon an Fhionlainn an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 13a(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/841;

(c) inarb iarmhéid diúltach atá sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF AE don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, arna ríomh de bhun Airteagal 59u, agus tar éis aon aistrithe a rinneadh de bhun Airteagal 59x a chur san áireamh;

(d) inar mó an t-aistriú a iarradh ná an méid LSB-Fanna atá ar fáil don Fhionlainn sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF de bhun Airteagal 13a de Rialachán (AE) 2018/841;

(e) inar tar éis an 31 Nollaig 2017 a tharla na hastaíochtaí a cruthaíodh de bharr athrú stairiúil ó thalamh foraoise go catagóir eile úsáide talún;

(f) inar mó an t-aistriú a iarradh ná an méid is gá chun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2018/841 a chomhlíonadh;

(g) ina gcuirtear iarraidh na Fionlainne isteach tar éis an figiúr maidir le stádas comhlíontachta a chinneadh le haghaidh na chéad tréimhse comhlíontachta.

3. Cuirfidh an riarthóir lárnach bac ar aon aistriú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar LSB-Fanna ón gCuntas Comhlíontachta LULUCF le haghaidh na Fionlainne.

*Airteagal 59ad*

**Comhlíontacht agus na figiúirí maidir le stádas comhlíontachta a chinneadh**

1. Áiritheoidh an riarthóir lárnach, tar éis tréimhse a leagtar amach in Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2018/1999 le haghaidh fheidhmiú na solúbthachtaí de bhun Airteagail 12, 13, 13a agus 13b de Rialachán (AE) 2018/841, go gcinnfidh Clárlann an Aontais an figiúr maidir le stádas comhlíontachta le haghaidh na gCuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit trí chainníocht iomlán na n-astaíochtaí a tugadh i gcuntas nó a tuairiscíodh a dhealú ó chainníocht iomlán na n-aistrithe a tugadh i gcuntas nó a tuairiscíodh agus aon solúbthacht a úsáideadh de bhun Rialachán (AE) 2018/841 agus Rialachán (AE) 2018/842 sa Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit a chur san áireamh.

2. Sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF, i gcás inar figiúr diúltach an figiúr maidir le stádas comhlíontachta Chuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit, arna chinneadh de bhun mhír 1, áiritheoidh an riarthóir lárnach go n-aistreoidh Clárlann an Aontais chuig Cuntas Comhlíontachta LULUCF an Bhallstáit sin an chainníocht

AEAnna is gá chun an figiúr maidir le stádas comhlíontachta a thabhairt go nialas, i gcodanna comhionanna ó Chuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill an Bhallstáit lena mbaineann do na blianta 2021, 2022, 2023, 2024 agus 2025. Mura bhfuil an chainníocht AEAnna is gá chun an figiúr maidir le stádas comhlíontachta a thabhairt go nialas ina hiolraí de chúig, aistreofar an chainníocht AEAnna ar mó é ná an t-iolraí is airde de chúig i gcodanna comhionanna ó chuntais chomhlíontachta na mblianta 2022, 2023, 2024, agus 2025, nó, mura féidir é sin a dhéanamh, i gcodanna comhionanna ó chuntais chomhlíontachta na mblianta 2023, 2024, agus 2025, nó, mura féidir é sin a dhéanamh, i gcodanna comhionanna ó chuntais chomhlíontachta na mblianta 2024 agus 2025, nó, mura féidir é sin a dhéanamh, ó chuntas comhlíontachta 2025.

3. Mar thoradh ar mhír 2, áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais an figiúr maidir le stádas comhlíontachta le haghaidh an Chuntais Comhlíontachta LULUCF Ballstáit lena mbaineann a athríomh agus cainníochtaí AEAnna aistrithe a chur san áireamh.

4. I gcás inar figiúr deimhneach é an figiúr maidir le stádas comhlíontachta le haghaidh Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit arna chinneadh de bhun mhír 1, áiritheoidh an riarthóir lárnach go n-aistreoidh Clárlann an Aontais na AATanna uile atá fágtha chuig an gCuntas Comhlíontachta LULUCF AE.

5. Sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, má mhainníonn Ballstát an buiséad a shocraítear don Bhallstát sin a chomhlíonadh, arna athríomh más gá i gcomhréir le hAirteagal 59u(4), áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais coibhéis tonaí dé-ocsaíde carbóin atá cothrom le farasbarr na nglanastaíochtaí gás ceaptha teasa nó glanaistrithe a bhfuil cuntas déanta orthu mar astaíochtaí, arna hiolrú faoi fhachtóir 1,08, a aistriú chuig an bhfigiúr glanastaíochtaí gás ceaptha teasa arna thuairisciú ag an mBallstát sin in 2032 don bhliain 2030, a leagtar síos i gColún C d'Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/841.';

(8) in Airteagal 70, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go ndéanfaidh Clárlann an Aontais seiceálacha uathoibrithe maidir leis an malartú sonraí agus na sonraíochtaí teicniúla dá bhforáiltear in Airteagal 75 den Rialachán seo i ndáil le gach próiseas chun neamhrialtachtaí agus neamhréitigh a shainaithint, i gcás nach bhfuil an próiseas atá beartaithe i gcomhréir le ceanglais Threoir 2003/87/AE, Rialachán (AE) 2018/841 agus Rialachán (AE) 2018/842 agus an Rialacháin seo.';

(9) Leasaítear Iarscríbhinní I agus XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.1.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*